DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]

Iomlán na Marcanna [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | | |
| CT | | |
| | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |



THALL ⟶


## ROINN 1 – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**


**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]**

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)


1
**TAIRISCINT SPEISIALTA**
*Ríomhairí ar Leathphraghas*





2
**SIOPA CRUA - EARRAÍ**
Cúntóirí ag teastáil
Fón: 086 - 346890





3
**COSAIN DO THEACH**
Cuir isteach aláram tí





4
**AIRE!**
Aill dhainséarach





5
**SIOPA TROSCÁIN**
Sladmhargadh inniu!





6
**Taispeántas grianghraf**
Bí ann - 8 p.m. anocht
Halla na Scoile





7
**Cluiche Ceannais Iomána**
Ticéid ar fáil
ó
Rúnaí an Chlub





8
**AR DÍOL**
Teach breá cois farraige
Fón: 01-6942103




9
**Díolachán Saothair**
**Ar son Trócaire**
**Dé Sathairn 3 p.m.-5 p.m.**




10
**Ranganna Gaeilge**
Ar an Luan 7 p.m. – 8 p.m.
Sa leabharlann áitiúil




| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)


(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

# Bí sláintiúil agus cuir fad le do shaol



Ith an bia ceart i gcónaí

Déan aclaíocht go rialta



TOSÚ MAITH LEATH NA hOIBRE!

**DON BHRICFEASTA**

Ith babhla leitean
***nó***
Uibheacha/pónairí agus tósta

**GACH LÁ**

Ól, ar a laghad, 1.5 líotar d'uisce ***nó*** sú torthaí/glasraí
Ith torthaí agus glasraí
Ith bricfeasta, lón agus dinnéar
Má bhíonn ocras ort idir béilí ith iógart, torthaí, arán nó cáis

**NÁ hITH**

milseáin, seacláid agus deochanna mianraí ach cúpla uair sa tseachtain

**ACLAÍOCHT**

idir 45 – 60 nóiméad a dhéanamh gach lá

# Sláinte agus saol chugat!

(i) Cad atá le déanamh go rialta?

___________________________________________

(ii) Cé mhéad uisce ba cheart a ól in aghaidh an lae?


___________________________________________

(iii) Scríobh síos **dhá** rud nach ceart a ithe ach cúpla uair sa tseachtain.


___________________________________________

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

CUMANN CÚRAIM AINMHITHE



**Má chailleann tú peata ainmhí**



**Déan teagmháil láithreach le**

- Stáisiúin na nGardaí i do cheantar
- An póna áitiúil
- Na tréidlianna atá ag obair in aice leat
- Siopaí agus garáistí áitiúla
- Scoileanna

**Fág an t-eolas seo i gcónaí**

- Do sheoladh baile
- Uimhir theileafóin
- An t-am agus an lá a cailleadh an peata
- Grianghraf den pheata

- Iarr ar na comharsana súil a bheith amuigh acu
- Cuir glaoch ar na Gardaí agus ar an bpóna gach lá
- Croch grianghraif den pheata timpeall an cheantair

**Tuilleadh eolais**

**Fón: 01- 3958107 *nó* Ríomhphost: cca@indigo.ie**

(i) Luaigh **dhá** rud atá le déanamh láithreach.

______________________________________________

(ii) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais atá le fágáil.


______________________________________________

(iii) Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil?


______________________________________________

(c) Léigh an **dán** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

**Teilifís**
(faoi m'iníon Saffron)



Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
*Anois! Sásta?*
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.



**Gabriel Rosenstock**

(i) Cad a bhí ag teastáil ó iníon an fhile?

(ii) Cén aois í?

(iii) Ainmnigh **dhá** rud a chonaic an iníon ar an teilifís.

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)


(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Eoin Pól II

Rugadh an Pápa Eoin Pól II ar an 18 Bealtaine 1920 i mbaile Wadowice sa Pholainn. Karol Wojtyla ab ainm dó. Bhí a athair san arm. Fuair a mháthair bás nuair a bhí sé ina bhuachaill óg. Dá bharr sin d'éirigh sé féin agus a athair an-chairdiúil lena chéile.

Thosaigh sé a chuid scolaíochta sa bhunscoil áitiúil nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois. Ba scoláire den scoth é. Bhí sé go maith ag an spórt leis agus ba bhreá leis peil, sléibhteoireacht agus sciáil. Thaitin an aisteoireacht agus an scríbhneoireacht go mór leis chomh maith. Sa bhliain 1946 foilsíodh leabhar filíochta, *Songs of the Hidden God,* a scríobh sé.

Nuair a toghadh é ina Phápa sa bhliain 1978 ba é an chéad Phápa nárbh Iodálach é le 456 bliain. Tháinig sé ar cuairt go hÉirinn i 1979. Bhailigh níos mó ná milliún duine le chéile i bPáirc an Fhionnuisce chun fáilte a chur roimhe. Ní dhéanfaidh aon duine a bhí i láthair dearmad riamh ar an ócáid iontach sin.



Bhí an-ghrá aige do dhaoine óga agus acusan dó. Chuir óige na tíre céad míle fáilte roimhe i nGaillimh le linn dó bheith in Éirinn. Chuaigh sé chuig 104 tír ar fud an domhain agus meastar gur bhuail sé go pearsanta le 17 milliún duine. Nuair a bhí sé ag fáil bháis anuraidh bhailigh daoine óga ina mílte, ó thíortha ar fud an domhain, sa Róimh chun an meas a bhí acu air a thaispeáint.

(i) Cár rugadh an Pápa Eoin Pól II?

______________________________

(ii) Scríobh síos **dhá** spórt a thaitin leis.

______________________________

(iii) Cé mhéad duine a bhí i láthair i bPáirc an Fhionnuisce?

______________________________

(iv) Cár bhuail sé le daoine óga na hÉireann?

______________________________

(v) Conas a thaispeáin na daoine óga an meas a bhí acu air nuair a bhí sé ag fáil bháis?

______________________________


(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Mionmharatón na mBan

Cuireadh tús le Mionmharatón na mBan i 1983. Rás deich gciliméadar timpeall chathair Bhaile Átha Cliath atá ann. Tá breis is leathmhilliún ban de gach aois agus cúlra tar éis páirt a ghlacadh sa mharatón cáiliúil seo ó 1983 i leith.

Níl aon amhras ach go mbaineann na mná an-taitneamh as an lá. Slí iontach dóibh chun iad féin a dhéanamh aclaí is ea an traenáil a dhéanann siad don rás. Ach ní gá traenáil dhian a dhéanamh. Braitheann sé sin ar an duine féin. Is féidir rith nó siúl sa rás. Faigheann gach duine a chríochnaíonn na deich gciliméadar bonn agus ribín.

Ceann de na príomhaidhmeanna atá ag an mionmharatón ná airgead a bhailiú do chumainn charthanachta. Tugann gach duine a ghlacann páirt ann tacaíocht do chumann carthanachta éigin. Sa bhliain 2004 bailíodh os cionn €9 milliún. Ó thosaigh an rás tá os cionn €75 milliún bailithe.




Ritheann reathaithe cáiliúla cosúil le Sonia O' Sullivan, Catherina McKiernan agus Pauline Curley sa mharatón gach bliain. Thar na blianta thóg polaiteoirí, iriseoirí agus daoine eile a raibh aithne mhaith ag an bpobal orthu páirt ann leis.

Chomh maith leis sin ritheann mná ó thíortha ar fud an domhain sa rás gach bliain. Rinneadh aithris leis ar an rás ina lán cathracha eile: Londain, Learpholl, Glascú agus Oslo ina measc.

(i) Cén áit a mbíonn Mionmharatón na mBan ar siúl in Éirinn?

______________________________

(ii) Cad a fhaigheann gach duine a chríochnaíonn an rás?

______________________________

(iii) Cé mhéad airgid a bailíodh i 2004 do chumainn charthanachta?

______________________________

(iv) Ainmnigh **beirt** reathaithe a ghlac páirt sa mharatón.

______________________________

(v) Ainmnigh **dhá** chathair i dtíortha eile a mbíonn maratón ar siúl iontu.

______________________________

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (110 marc)

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1** Freagair (a) **nó** (b) anseo (25 mharc)

(a) Tá tú ar saoire in ionad campála sa Fhrainc(nó i dtír iasachta eile). Scríobh **cárta poist** chuig do thuismitheoirí.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta.


- an turas ar an mbád **nó** san eitleán
- rud amháin faoin ionad campála
- an aimsir
- rud amháin a rinne tú lasmuigh den ionad campála
- cathain a fhillfidh tú abhaile



**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.**

**NÓ**

(b)




Is tusa Seán sna pictiúir thuas. Fuair tú dhá thicéad sa phost do cheolchoirm i bPáirc an Chrócaigh. Ba mhaith leat ticéad a thabhairt do do chara Nuala.

Fágann tú nóta ag a teach ag rá:

- conas a fuair tú na ticéid
- cé mhéad a chosain siad
- cén t-am a bheidh an ceolchoirm thart
- cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na ceolchoirme
- cén t-am a fhillfidh sibh abhaile
- 

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

**NÓTA**


**CEIST 2** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach.]**

(a) Tá tú ar scoil nua. Scríobh litir chuig do pheannchara faoin scoil seo.

Sa litir luaigh na pointí seo.

- cén fáth a bhfuil tú ar scoil nua
- cara nua atá agat sa scoil
- cúpla rud faoi na múinteoirí
- saol na scoile




**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11**

**NÓ**

(b)




Tá tú i do chónaí ar feadh míosa le clann sa Fhrainc ag foghlaim Fraincise. Ní dúirt tú le do chara go raibh tú ag dul. Scríobh litir chuige/chuici.

Sa litir luaigh na pointí seo.

- cén fáth nach ndúirt tú leis/léi go raibh tú ag dul
- duine éigin sa chlann is maith leat **nó** nach maith leat
- cúpla rud faoin áit ina bhfuil tú
- rud a rinne tú **nó** a chonaic tú a thaitin go mór leat

Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11.

Ceist 2 (a) **nó** (b)

**Litir**



THALL →

**CEIST 3** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (45 mharc)

(a) **Alt** gairid (**15 líne nó mar sin**) a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) An lá a bhuaigh mé €100
(ii) Lá cois farraige
(iii) An réalta spóirt **nó** réalta scannáin is fearr liom
(iv) Leabhar a thaitin liom

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

**<u>NÓ</u>**

(b)




Is iad Áine agus Seán na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Áine ina dialann (nó ag Séan ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

Ceist 3(a) **nó** (b)

# Leathanach Bán

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**